

An Taoiseach,
Enda Ó Cionnaith,
Roinn an Taoisigh,
Foirgnimh an Rialtais,
Sráid Mherrion Uachtarach,
Baile Átha Cliath 2.

19/03/12

I dtaca le Gaelscoil Philib Barún agus liosta tógála na Roinne Oideachais is Scileanna 2012

A Thaoisigh, a chara,

Tá pobal na scoile againe ar mire leis an Roinn Oideachais is Scileanna tar éis do Ghaelscoil Philib Barún a bheith fágtha amach as liosta tógála cúig bhliana a foilsíodh an tseachtain seo caite.

Do bhuaile mé leat sa Trá Mhór, Mí Deireadh Fómhair seo caite, agus d'inis mé duit faoin bhfaillí ata déanta ar Ghaelscoil Philib Barún le 27 bliain anuas. Tar éis dom scríobh chugat go luath ina dhiaidh san ceapadh foireann dearaidh go sciopaí ar ár dtionscnamh agus bhíomar ag tnúth le bheith ar pé liosta tógála a eiseofar amach anseo agus go mbeadh deireadh leis an airgead caite in aisce sa scoil (€1.6 milliúin go dtí seo)

Faraoin géar tá an Roinn ag déanamh neamhard athuair ar fhanacht domhaite na scoile seo agus deanann siad satailt ar ár bhfoighne briste agus iad ag brostú tograí tógála scoileanna nach bhfuil fiú bunaithe fós trí bhearn caol na liostaí tógála

Cheapas gur trédhearcacht agus cothromaíocht a bheidh mar bhuntréith an rialtais seo. Níl sé cóir go bhfuil Gaelscoil Philib Barún ar lár agus scoileanna nach bhfuil fiú bunaithe, luaite le bheith tógtha. An é gur leor seomraí réamhdhéanta dúinn ach ní féidir le saoránaigh áirithe sa tír seo cos a leagadh i gcóiríocht shealadach? Theip glan ar an mbeirt Teachta Rialtais ón dáilcheantar seo míniú ar chinneadh an Aire a thabhairt do phobal na scoile ag cruinniú poiblí a tionóladh an Aoine seo caite. Muna bhfuil sé trédhearcach do Paudie Coffey agus Ciara Conway níl sé trédhearcach!

Chuaigh do shuim inár gcás agus do bháithiúlacht linn i bhfeidhm orm nuair a bhuaileas leat. Ní féidir liom ligint don chinneadh ghránna seo imeacht gan tú a chur ar eolas go bhfuil leatrom fealltach á n-imirt ag do Rialtas ar daltaí Gaelscoil Philib Barún. Mo náire sibh!

Is mise le meas,

Daithí de Paor,
Príomhoide Gaelscoil Philib Barún